COMHDHÁIL AR AONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – AN ALBÁIN –

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

AD 47/26

LIMITE

CONF-ALB 9

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>- Caibidil 26: Oideachas agus cultúr |

# CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS

**An Albáin**

## COMHSHEASAMH ÓN AONTAS

(Mar fhreagairt ar fhaisnéis bhreise a chuir an Albáin ar fáil)

PUBLIC

---

**Cnuasach 3: Caibidil Chaibidlíochta 26**

**Oideachas agus cultúr**

---

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Albáin (AD 5/22 CONF-ALB 2), agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh an Albáin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 2, 3, 5, 10, 14, 16, 23, 26, 31, 38, 39, 45, 46, 47 agus 48 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Albáin, ina seasaimh AD 2/25 CONF-ALB 2 REV 1 agus AD 42/26 CONF-ALB 4, le *acquis* an Aontais faoi Chaibidil 26, mar atá i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2026 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

Tugann an tAontas dá aire go ndearna an Albáin dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais i ndáil le hoideachas agus oiliúint. Tugann an tAontas dá aire go ndearna an Albáin dul chun cinn agus iarrann sé ar an tír tuilleadh dul chun cinn nithiúil a dhéanamh chun na struchtúir is gá a bhunú chun Erasmus+ a bhainistiú.



PUBLIC

Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh an Albáin iarrachtaí breise chun buiséad a leithdháileadh ar an oideachas a chomhfhreagraíonn dá huaillmhianta agus dá spriocanna. Dá bhrí sin, iarrann an tAontas ar an Albáin a caiteachas poiblí ar an oideachas a mhéadú chun an bhearna idir é agus meánchaiteachas an Aontais a dhúnadh.

Tugann an tAontas dá aire go ndearna an Albáin tuilleadh iarrachtaí maidir le huirlisí trédhearcachta an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí a úsáid, oideachas atá bunaithe ar inniúlacht agus scileanna digiteacha. Iarrann an tAontas ar an Albáin féachaint le feabhas intomhaiste a chur ar bhunscileanna na mac léinn i gcomhréir le spriocanna Eorpacha. Molann an tAontas don Albáin bearta breise a dhéanamh chun oideachas cuimsitheach a áirithiú, lena n-áirítear do dhaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

Tugann an tAontas dá aire freisin an fhaisnéis a chuir an Albáin ar fáil maidir le cearta oideachais a eascraíonn as a Dlí maidir le Cosaint Mionlach Náisiúnta, agus an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar, agus an Straitéis Oideachais Náisiúnta 2021-2026 agus is díol sásaimh dó na hiarrachtaí a rinneadh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán iad[1]. Molann an tAontas don Albáin leanúint den Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 a chur san áireamh[2]. Meabhraítear don Aontas, i gcomhréir le luachanna coiteanna, oideachas cuimsitheach, agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn, ba cheart do gach leibhéal agus cineál oideachais an comhtháthú sóisialta a neartú, mar aon le muintearas dearfach agus cuimsitheach Eorpach lena gcomhlánófaí a bhféiniúlacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus lena gcothófaí dearcadh caoinfhulangach daonlathach. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hAlbáine tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht agus ar infhaighteacht téacsleabhar i ngach teanga mhionlaigh aitheanta.

Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh an Albáin, i réimse an ardoideachais, príomhghealltanais Phróiseas Bologna a chur chun feidhme go hiomlán agus ailíniú breise a dhéanamh le Communiqué Thiorána i gcomhréir lena Plean Gníomhaíochta maidir leis an Ardoideachas.

[1] Scrúdaítear an t-ábhar seo trí chumarsáid le Bunphrionsabail Chnuasach 1 maidir le hoideachas teanga mionlaigh.

[2] Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (2018/C 195/01)

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis na spriocanna a leagtar síos faoin Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach agus nach mór di leanúint de chóras faireacháin a thógáil de réir a chéile lenar féidir rianú iontaofa a dhéanamh ar na spriocanna sin.

Tugann an tAontas dá aire freisin, agus is díol sásaimh dó, an dul chun cinn a rinneadh chun an Dlí maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a chur chun feidhme go hiomlán, trí reachtaíocht thánaisteach ábhartha a ghlacadh maidir le caighdeáin, critéir agus nósanna imeachta chun soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a chreidiúnú, chun tacú le próisis agus sásraí dearbhaithe cáilíochta agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil á cur san áireamh san am céanna.

Tugann an tAontas dá aire acmhainneachtaí treisithe na Gníomhaireachta Náisiúnta um Fhostaíocht agus um Scileanna agus na Gníomhaireachta Náisiúnta um Ghairmoideachas, Gairmoiliúint agus Cáilíochtaí. Ag an am céanna, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Albáin acmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun an córas gairmoideachais agus gairmoiliúna a bharrfheabhsú i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear fothú acmhainneachta agus méadú ar líon agus ar chaighdeán na múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin gur gá deiseanna don fhoghlaim aosach a chur chun cinn agus a fhorbairt agus é mar aidhm aige ailíniú le príomhsprioc an Aontais go mbeidh 60 % ar a laghad de dhaoine fásta (25-64 bliana d'aois) rannpháirteach san oiliúint gach bliain faoi 2030, chomh maith le bailiú sonraí maidir leis an táscaire sin a áirithiú. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Albáin scéimeanna printíseachta a threisiú agus leanúint de thuilleadh rannpháirtíochta maidir le printíseachtaí agus foghlaim obairbhunaithe a chur chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontais Eorpaigh do Phrintíseachtaí trí bhallraíocht na n-eagraíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt agus a leathnú trí ghealltanais. I ndáil leis an méid sin, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht struchtúrtha fostóirí i bhforbairt an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna san Albáin.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú breise na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir leis **an óige**. Iarrann an tAontas ar an Albáin leanúint de thosaíocht a thabhairt don obair óige agus do rannpháirtíocht na hóige agus leanúint de bheith ag cloí leis an gclár oibre Eorpach don obair óige mar phríomhchuspóirí. Thug an tAontas dá aire iarrachtaí na hAlbáine tacú le litearthacht dhigiteach daoine óga.

PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas go ndearna an Albáin dul chun cinn maith leanúnach i réimse an spóirt agus iarrann sé ar an Albáin leanúint den ailíniú reachtach le *acquis* spóirt an Aontais. Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais maidir leis an gcultúr agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an oidhreacht chultúrtha a chosaint.

Tugann an tAontas dá aire go gcomhlíontar le glacadh na bhforálacha reachtacha a dtugtar cuntas orthu thuas ceanglais an tagarmhairc deiridh mar a leagtar amach in AD 6/25 CONF-ALB 6.

Molann an tAontas don Albáin bearta níos láidre a dhéanamh maidir le comhrac an éillithe i réimsí an oideachais agus cultúir. Iarrann an tAontas ar an Albáin leanúint d'áirithiú go gcuirfear coimircí maidir le hionracas chun feidhme maidir le príomhoidí scoile a roghnú agus ceapacháin scoile a dhéanamh laistigh de phríomhghníomhaireachtaí oideachais ar bhonn tuillteanais agus gan tionchar polaitiúil a bheith ann.

* * *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hAlbáine, ailíniú dlíthiúil iomlán, chomh maith le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* sa chaibidil seo a áirithiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní féidir measúnú críochnaitheach a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí sa chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar an Albáin faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a thabhairt go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur chun feidhme an *acquis* agus neartú an chumais riaracháin.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 1 Bealtaine 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

---

PUBLIC